AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2020
COM(2020) 260 final

2020/0127 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise phaindéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá paindéim COVID-19 ina cúis le suaitheadh mór eacnamaíoch atá ag imirt tionchar mór diúltach san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. Braithfidh déine na n-iarmhairtí ar an bhfad a mhairfidh paindéim COVID-19 agus ar raon geografach na paindéime. Go sonrach, tá tionchar ag an bpaindéim ar chúrsaí iompair go ginearálta agus ar an earnáil iarnróid go háirithe, tionchar nach bhfacthas a leithéid cheana. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh líon mór dócmhainneachtaí agus ganntanas leachtachta laistigh den earnáil iarnróid de thoradh na paindéime. Tá sí ag imirt tionchar ar an slabhra soláthair ar fad agus tá éifeachtaí aici ar ghnóthais iarnróid, seoladóirí agus fiontair lóistíochta. Beidh bainisteoirí bonneagair agus oibreoirí saoráide seirbhísí, freisin, thíos leis na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann léi. Mura dtugtar aghaidh uirthi, beidh tionchar tromchúiseach ag an bpaindéim ar thrácht idirnáisiúnta, ar thonnáistí lasta agus líon na bpaisinéirí, ar an bpróiseas digitithe, ar oscailt an mhargaidh agus struchtúir an mhargaidh, tionchar a bheidh le brath go ceann i bhfad.

Tá tábhacht straitéiseach leis an earnáil iarnróid don Aontas Eorpach. Rannchuidíonn sí ar bhealach ríthábhachtach le geilleagar agus fostaíocht fhoriomlán an Aontais, trí os cionn 1 milliún duine a fhostú go díreach, faoi thuairim 600 000 díobh sin ag gnóthais iarnróid agus 440 000 díobh ag bainisteoirí bonneagair (faoi dheireadh na bliana 2016).

Tá an t-iompar ar iarnród ríthábhachtach do straitéis an Aontais i gcomhair earnáil iarnróid níos inbhuanaithe, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus i gcomhair muintir na hEorpa a chónascadh laistigh de na Ballstáit agus ó Bhallstát go chéile. Cuireann an t-iompar ar iarnród, lena gcuirtear soghluaiseacht ghlan agus leibhéal ard éifeachtúlachta ar fáil, go mór leis an ilrogha modhanna iompair atá san Aontas. Dá bhrí sin, tá an t-iompar ar iarnród fíor-riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach de bharr a luacha mar an modh iompair is inbhuanaithe agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

Iompraíonn an córas Eorpach iarnróid tuairim agus 1.6 billiún tona lastais agus 9 mbilliún paisinéirí gach bliain. Faoi 2016, bhí méid an tráchta paisinéirí san Aontas éirithe chomh mór le 450 billiún ciliméadar paisinéara, rud is ionann agus 6 thrilliún ciliméadar paisinéara, nó faoin tuairim sin, den iompar de thalamh ar an iomlán. Trácht intíre a bhíonn i gceist leis an gcuid is mó den trácht paisinéara arae, in 2016, ní raibh ach 6 % de ina thrácht trasteorann.

In 2016, mhéadaigh méid an tráchta lastais san Aontais go 419 mbilliún ciliméadar paisinéara, rud is ionann agus 2.5 trilliún, nó faoin tuairim sin, den iompar de thalamh ar an iomlán. Lastas trasteorann a bhíonn i leath, nó faoin tuairim sin, den lastas iarnróid iomlán. Fágann sin go bhfuil gné láidir Eorpach ag baint leis an lastas iarnróid agus fágann sé gurb íogaire arís é a mhéid a bhaineann le heaspa idir-inoibritheachta agus comhair idir gréasáin iarnróid náisiúnta, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a leibhéal iomaíochais.

Ó tháinig an ráig ghalair, tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid an iompair ar iarnród, idir phaisinéirí agus lastas, mar gheall ar na srianta agus ar an ísliú atá tagtha ar an éileamh. Tá rian suntasach fágtha ag na srianta sealadacha ar naisc thaistil idir Ballstáit an Aontais: níl formhór na dtraenacha paisinéirí idirnáisiúnta ag tabhairt seirbhíse a thuilleadh, agus tá laghdú suas le 90 % tagtha ar mhéid an iompair intíre ar iarnród i gcomparáid le figiúirí na bliana seo caite. B'éigean do roinnt iontrálaithe nua deireadh a chur lena n-oibríochtaí, agus tá na hoibreoirí iarnróid thíos le laghduithe móra ina gcuid seirbhísí iompair.

Tá oibreoirí lastais iarnróid fós ag soláthar seirbhísí trasteorann agus intíre ach de réir na dtuairiscí a thugann siad tá laghdaithe ar an méid atá siad a iompar. Ceann de na príomhchúiseanna atá leis sin gur tháinig deireadh leis an éileamh ó thionscail áirithe mar gur stadadh go hiomlán den táirgeadh ós rud é gur chuir formhór na mBallstát bearta dianghlasála i bhfeidhm. Faoi láthair, sna míonna i ndiaidh na dianghlasála, tá an t-éileamh ag méadú de réir a chéile ach ní féidir a fheiceáil go soiléir fós cén fhorbairt a thiocfaidh ar an éileamh ar an iompar ar iarnród.

Táthar ag tuar go mbeidh an t-éileamh ó phaisinéirí, ar feadh na bliana 2020 ar fad, go mór faoi bhun leibhéil na bliana 2019, agus táthar ag tuar freisin go mbeidh an t-éileamh ar iompar lastais cuid mhaith níos ísle ná leibhéil na bliana seo caite.

D'fhonn tionchar na paindéime a mhaolú, táthar ag beartú freagairt bheartais uaillmhianach lena gcumhdófar cuid mhór réimsí. Sa chomhthéacs sin, is é atá beartaithe leis an Rialachán atá ann faoi láthair comhlánú a dhéanamh ar an gcreat reatha, is é sin an creat a bhaineann le réimse na n-iarnród, chun a chur ar chumas na n-údarás náisiúnta agus na bpáirtithe leasmhara iarnróid déileáil ar dhóigh níos éasca le roinnt iarmhairtí diúltacha ó phaindéim COVID-19, agus freagairt a thabhairt ar riachtanais phráinneacha na hearnála iarnróid fad a bheidh na hiarmhairtí sin ann. Baineann bearta den sórt sin go sonrach le tarscaoileadh, laghdú nó iarchur na muirear rianrochtana i leith úsáid bonneagair iarnróid, chomh maith le tarscaoileadh na muirear áirithinte. Cumhdaíonn na bearta sin tréimhse thagartha, an tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020, a bhféadfar muirir a athrú ina leith de mhaolú ar Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE a fhágann go bhfoilseofar an ráiteas gréasáin (ina dtaispeántar aon mhuirir is infheidhme) ar a laghad ceithre mhí roimh an sprioc-am le haghaidh toilleadh bonneagair a iarraidh.

Go sonrach, is féidir na nithe seo a leanas a choinneáil:

(1) *Muirir rianrochtana - an méid a fhreagraíonn don chostas díreach:* Ceanglaítear le hAirteagal 31(3) den Treoir, i dtaca leis na muirir i leith an phacáiste íosrochtana, go socrófar na muirir sin ag leibhéal an chostais a tabhaíodh go díreach de thoradh an tseirbhís traenach a oibriú. Cuireann an fhoráil, i bprionsabal, bac ar na muirir a shocrú ag leibhéal is ísle ná sin. Tá sé beartaithe maolú air sin, chun go mbeidh ar chumas na mBallstát agus na mbainisteoirí bonneagair a bheith ag seiftiú as an réimse is leithne féidearthachtaí le linn na tréimhse tagartha.

(2) *Uasmharcálacha:* Le hAirteagal 32 cuirtear ar chumas na mBallstát foráil a dhéanamh do ghearradh uasmharcálacha, uasmharcálacha a shocrófar de réir an chumais íocaíochta atá i ndeighleoga éagsúla an mhargaidh iarnróid. Mar sin, is éard a chiallaíonn an prionsabal sin go bhféadfadh uasmharcálacha a bheith faoi réir

luaineachtaí agus go bhféadfadh laghdú teacht orthu sa chás go dtiocfadh laghdú ar chumas íocaíochta na deighleoige margaidh lena mbaineann. D'fhéadfadh sé, go háirithe de thoradh na géarchéime atá ann faoi láthair, go dtarlódh laghdú den sórt sin. Mar sin féin, mar atá Treoir 2012/34/AE faoi láthair, ní féidir, i bprionsabal, leasuithe a dhéanamh ar uasmharcálacha le linn tréimhse bhailíochta tráthchláir oibre ar leith. De mhaolú ar an riail sin, tá sé beartaithe a chur ar chumas na mBallstát coigeartuithe íslitheacha a cheadú i leith na tréimhse tagartha.

(3) *Muirir áirithinte*: Le hAirteagal 36 de Threoir 2012/34/AE, déantar foráil maidir le córas um muirir áirithinte. Is é cuspóir na muirear sin díspreagadh a thabhairt do ghnóthais iarnróid ionas nach gcuirfidh siad conairí traenach ar ceal ar ghearrfhógra agus dá réir sin féachaint lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr agus is mó as an acmhainn atá ann faoi láthair. Is iondúil go dtagann méadú ar leibhéal an mhuirir seo dá ghiorracht d'am na hoibríochta a dhéantar an cealú.

Faoi Airteagal 36 de Threoir 2012/36/AE, is faoi gach bainisteoir bonneagair é, i bprionsabal, a chinneadh an mian leis muirir áirithinte a ghearradh. Mar sin féin, fágann an dara habairt d'Airteagal 36 go bhfuil sé sainordaitheach na muirir sin a ghearradh i gcás ina ndéanann an gnóthas iarnróid "mainneachtain go tráthrialta" maidir le "conairí leithdháilte, nó codanna díobh, a úsáid".

Chuir an phaindéim isteach go han-dona ar an trácht iarnróid, chomh dona sin agus go ndearnadh conairí traenach a chealú ar bhonn forleathan. Níl, agus ní raibh, neart ag gnóthais iarnróid ar na teagmhais is cúis nó ba chúis leis sin. Thairis sin, tá ró-thoilleadh (sealadach) ann mar gheall ar na teagmhais sin. Ar an gcaoi sin, is féidir glacadh leis nach bhfuil an éifeacht dreasachta i dtaca leis na muirir áirithinte, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir 2012/34/AE, nach bhfuil sí ábhartha a mhéid a bhaineann sí leis an tréimhse thagartha.

Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar chumas na mBallstát an oibleagáid a bhunaítear leis an dara habairt d'Airteagal 36 den Treoir a bhaint i leith cealuithe le linn na tréimhse sin.

(4) *Aisíocaíocht ó na Ballstáit:* I leith gach ceann de na nithe thuasluaite (muirir bunaithe ar chostas díreach, uasmharcálacha agus muirir áirithinte), bheadh caillteanas ioncaim i ndán do na bainisteoirí bonneagair dá ndéanfaí aon laghdú ar na muirir a d'údaródh na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán atá beartaithe.

Chúiteofaí na caillteanais ioncaim sin, i bprionsabal, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2012/34/AE. Faoin bhforáil sin, tá na Ballstáit faoi oibleagáid a áirithiú go leanfaidh cuntais na mbainisteoirí bonneagair, a bhfuil caillteanais, inter alia, ag bagairt orthu mar gheall ar éileamh íslithe, de bheith ar comhordú thar thréimhse 5 bliana faoi ghnáthchoinníollacha gnó.

Na caillteanas ioncaim do bhainisteoirí bonneagair, a thiocfadh de na laghduithe atá ina n-ábhar beartaíochta sa Rialachán atá beartaithe, ní tharlódh siad, de réir sainmhínithe, faoi Threoir 2012/34/AE mar atá faoi láthair. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go gcúiteofar bainisteoirí bonneagair laistigh de thréimhse is giorra ná an tréimhse a bhunaítear in Airteagal 8(4) den Treoir sin, i.e. faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana inar tabhaíodh an caillteanas.

(5) *Coigeartuithe a dhéanamh ar an ráiteas gréasáin*: leagtar amach go sonrach sa ráiteas gréasáin na rialacha ginearálta, na sprioc-amanna, na nósanna imeachta agus na critéir maidir le scéimeanna muirir agus scéimeanna leithdháilte toillte, lena n-áirítear faisnéis le haghaidh iarratais ar thoilleadh bonneagair.

Tá sé beartaithe go sonrófar gur cheart na ráitis ghréasáin a choinneáil cothrom le dáta agus a leasú gan aon mhoill.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní thugtar aghaidh le Treoir 2012/34/AE ar imthosca urghnácha, amhail na himthosca san earnáil iarnróid arb í ráig COVID-19 ba chúis leo. Ba cheart, dá bhrí sin, maoluithe spriocdhírithe a údarú chun éifeachtaí na paindéime ar an iompar ar iarnród a mhaolú, agus chun sláine an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid a choinneáil. Thairis sin, i dtaca le struchtúr iomaíoch an mhargaidh, struchtúr lena mbaineann oibreoirí stairiúla agus oibreoirí nua, éilíonn an struchtúr sin bearta faoisimh lena n-áiritheofar go mairfidh an chothroime iomaíochta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Braitheann feidhmiú éifeachtach an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid ar fheidhmiú eacnamaíoch na ngníomhaithe sa mhargadh agus ar a bhfuil bainte amach cheana féin maidir le neamhspleáchas bainistithe na mbainisteoirí bonneagair agus na ngnóthas iarnróid a choimirciú maidir le trédhearcacht na bhforálacha i gcomhair muirear agus rochtain ar an ngréasán, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann i leithdháileadh na gconairí agus scéimeanna muirir chomh maith le hoscailt an mhargaidh. D'fhéadfadh na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, do pháirtithe leasmhara an mhargaidh iarnróid, a tháinig de ráig COVID-19, dochar a dhéanamh d'inmharthanacht airgeadais na bpáirtithe leasmhara sin agus d'fhéadfadh siad tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a imirt ar an gcóras iompair, rud a d'imreodh drochthionchar ar an ngeilleagar ina iomláine. De réir suirbhé a rinneadh i mBealtaine agus Meitheamh 2020 i gcomhar le gnóthais iarnróid tríd an ardán idirphlé do Ghnóthais Iarnróid, níor soláthraíodh, go dtí seo, aon chúnamh tiomnaithe do pháirtithe leasmhara na hearnála iarnróid. Leis an Rialachán atá beartaithe, tugtar aghaidh ar na saincheisteanna seo.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an tAirteagal sin atá ina bhunús dlí le Treoir 2012/34/AE féin.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leormhaith ar an gcúis seo a leanas: Déantar muirir rianrochtana a rialú go cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit imeacht ó rialacha an Aontais ach amháin más ann do reachtaíocht Eorpach shonrach ina leith sin. Ní cheadaítear le Treoir 2012/34/AE do na Ballstáit, i gcomhthéacs ráig COVID-19, freagairt a thabhairt ar na héifeachtaí ar an iompar ar iarnród, éifeachtaí nárbh fhéidir a thuar, go háirithe trí rialacha maidir le muirir agus leithdháileadh toillte a oiriúnú. Ní féidir an méid sin a bhaint amach ach trí ghníomh arna ghlacadh ag an Aontas, lena gceadaítear maoluithe (spriocdhírithe). Thairis sin, faoi théarmaí

an Rialacháin atá beartaithe, is faoi na Ballstáit atá sé i gcónaí cinneadh a dhéanamh an gcuirfidh siad na bearta dá bhforáiltear chun feidhme, ag féachaint freisin do na hacmhainní atá ar fáil dóibh i dtéarmaí maoiniú poiblí.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach, is é sin an tionchar atá ag ráig reatha COVID-19 a mhaolú trí mhaoluithe spriocdhírithe ó Threoir 2012/34. Tá an beart atá molta comhréireach dá réir sin, agus áirítear leis sin a mhéid a bhaineann leis an tréimhse thagartha a bhfuil feidhm aige ina leith. Agus an tréimhse sin á cinneadh, cuireadh san áireamh na meastacháin reatha maidir leis an bhfad ama a mhairfidh paindéim COVID-19 ag imirt tionchair ar an margadh iarnróid. Tá sé beartaithe an chumhacht a thabhairt don Choimisiún síneadh a chur leis an tréimhse sin i gcás inar gá.

- **An rogha ionstraime**

Chun cuspóir na hionstraime dlí a bhaint amach, ní mór feidhm dhíreach agus ghinearálta a bheith ag an ionstraim dlí. Dá bhrí sin, Rialachán is iomchuí mar ionstraim dlí.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is beart práinneach é seo, beart is éigean a dhéanamh de dheasca na ráige de ghalar COVID-19, ráig a tháinig gan choinne agus go tobann.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó tá an cás chomh práinneach sin, ní dhearnadh comhairliúchán foirmiúil leis na páirtithe leasmhara. Mar sin féin, d'iarr údaráis na mBallstát agus na páirtithe leasmhara araon ar an gCoimisiún togra a ghlacadh le haghaidh bearta iomchuí i gcomhthéacs chreat leithdháilte agus muirear Threoir 2012/34/AE.

Go háirithe, chuaigh comhlachais san earnáil iarnróid a dhéanann ionadaíocht do ghnóthais iarnróid i dteagmháil leis an gCoimisiún agus d'iarr siad bearta práinneacha. Bheadh sé d'aidhm ag na bearta sin a chinntiú go mbeadh an earnáil in ann déileáil leis an ioncam a cailleadh agus go mbeadh sé in ann an riosca féimheachta a laghdú, go háirithe i gcás na n-oibreoirí príobháideacha. Ceann de na bearta is mó atáthar a mholadh, muirir a chur ar fionraí i gcás bonneagar iarnróid, stáisiúin, saoráidí seirbhíse agus i gcás úsáid taobhlach stáblaíochta.

I ndiaidh an ghlao seo ar ghníomhaíocht, chuaigh roinnt Ballstát agus bainisteoirí bonneagair i gceann freagairtí trí bhearta den sórt sin a mheas nó a dhéanamh. Reáchtáil an Coimisiún suirbhé i Márta, Aibreán agus Bealtaine 2020, trí fhoghrúpa muirear an Ardáin Ardleibhéil do Bhainisteoirí Bonneagair Iarnróid san Eoraip (PRIME). Ar bhonn thorthaí an suirbhé,

thángthas ar an gconclúid gur chuir roinnt Ballstát in iúl go mbeidís réidh chun glacadh le bearta faoisimh den chineál atá beartaithe leis an Rialachán seo.

I bhfianaise na heaspa forálacha éigeandála cuí atá sa Treoir, is gá creat a chruthú le haghaidh na mbeart atá riachtanach de dheasca ghéarchéim COVID-19, agus sin a dhéanamh tríd an Rialachán seo a ghlacadh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Faoi mar a míníodh, mar gheall ar phráinn an cháis, níorbh fhéidir, agus an fhoireann saineolaithe á cur le chéile, a bheith chomh mionsonrach agus is gnách sa chur chuige. Mar sin féin, tá leas bainte ag an gCoimisiún as taithí a fuarthas trína theagmhálacha le Ballstáit agus le geallsealbhóirí iarnróid.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise phráinn an cháis, ní dhearnadh measúnú tionchair.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní áirítear ar an mbeart aon socruithe sonracha faireacháin nó tuairiscithe. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún súil a choinneáil go leanúnach ar fhorbairt phaindéim COVID-19 agus ar an tionchar atá aige ar an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid agus, más gá, ba cheart an chumhacht a bheith aige gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfí síneadh leis na tréimhsí ama a bhaineann leis an mbeart.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Doiciméad ar bith.

2020/0127 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise phaindéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tá laghdú géar tagtha ar an iompar ar iarnród i ngeall ar an titim shuntasach ar an éileamh. Imríonn sé sin tionchar mór ar ghnóthais iarnróid, tionchar a thosaigh chomh luath leis an 1 Márta 2020, agus is dócha go mairfidh sé ag déanamh difear don earnáil go dtí an 31 Nollaig 2020 ar a laghad. Níl neart ag gnóthais iarnróid ar na cúinsí sin agus tá fadhbanna leachtachta suntasacha, chomh maith le caillteanais ollmhóra, le sárú acu, agus tá riosca dócmhainneachta ann i gcásanna áirithe.

(2) Chun gníomhú in aghaidh éifeachtaí eacnamaíocha diúltacha phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht airgeadais ag teastáil ó ghnóthais iarnróid. D'fhéadfadh sé nach bhféadfadh gnóthais iarnróid muirir a íoc i leith úsáid an bhonneagar iarnróid le linn éigeandáil COVID-19, agus, chuige sin, ba cheart a chur ar a gcumas do bhainisteoirí bonneagair muirir den chineál sin a laghdú, a tharscaoileadh nó a iarchur. Ba cheart an deis seo a dheonú go ceann tréimhse ina bhfuil éifeachtaí phaindéim COVID-19 le brath ag an margadh iarnróid agus go ceann na tréimhse a mheastar a mhairfidh na héifeachtaí sin, is é sin ón 1 Máirt 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 (an "tréimhse thagartha").

(3) Faoi Airteagal 31(3) de Threoir 2012/34/AE, ní fhéadfaidh na muirir rianrochtana, atá le híoc leis an mbainisteoir bonneagair, dul faoi bhun an chostais a thabhófar go díreach agus an tseirbhís traenach á cur ar fáil. Tarscaoileadh muirear, bíodh sé

[1] IO L 132, 3.5.2011, lch. 99.
[2] IO L 104, 2.4.2011, lch. 53.

páirteach nó iomlán, nó iarchur muirear, a dhéanfaí amhlaidh, agus a chuirfí i bhfeidhm ar mhodh trédhearcach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach maidir le gach gnóthas iarnróid atá gníomhach san earnáil iarnróid lastais nó paisinéirí, laghdódh sé tionchar phaindéim COVID-19 le linn na tréimhse tagartha. Ba cheart dá réir sin an deis a sholáthar, do na Ballstáit, bearta den chineál sin a údarú thar ceann na mbainisteoirí bonneagair.

(4) Le hAirteagal 32(1) de Threoir 2012/34/AE, ligtear do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le huasmharcálacha a ghearradh, i gcás ina bhfuil an cumas ag an margadh iad a sheasamh. De dheasca thionchair phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go bhfuil laghdú tagtha ar chumas na ndeighleog margaidh uasmharcálacha a sheasamh. Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar a gcumas do na Ballstáit na bainisteoirí bonneagair a údarú chun athmheasúnú a dhéanamh ar chumas na ndeighleog margaidh uasmharcálacha a sheasamh, chun críocha laghdú féideartha ar na suimeanna atá le híoc i leith na tréimhse tagartha.

(5) Le hAirteagal 36 de Threoir 2012/34/AE, déantar foráil maidir le córas um muirir áirithinte, rud a bhfuil sé beartaithe leis úsáid éifeachtúil an toillte a spreagadh. Leis an dara habairt den Airteagal sin, fágtar go bhfuil sé sainordaitheach na muirir sin a ghearradh i gcás ina mainníonn gnóthas iarnróid, go tráthrialta, na conairí traenach leithdháilte, nó codanna díobh, a úsáid. Ní mór do bhainisteoirí bonneagair na critéir lena socraítear neamhúsáid den chineál sin a fhoilsiú agus an foilsiú sin a dhéanamh ina gcuid ráiteas gréasáin. De dheasca na paindéime, cuireadh as don trácht iarnróid chomh dona sin gur cuireadh conairí traenach ar ceal go forleathan. Níl, agus ní raibh, neart ag gnóthais iarnróid ar na heachtraí ba chúis leis an méid a thit amach. Thairis sin, tá ró-thoilleadh (sealadach) ann mar gheall ar an méid a thit amach. Dá bhrí sin, i dtaca leis an éifeacht dreasachta a bhí beartaithe leis na muirir áirithinte i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir 2012/34/AE, is féidir glacadh leis nach bhfuil an éifeacht dreasachta sin ábhartha a mhéid a bhaineann leis an tréimhse thagartha. Dá bhrí sin, de mhaolú ar an dara habairt d'Airteagal 36, ba cheart a chur ar a gcumas do na Ballstáit a údarú do bhainisteoirí bonneagair gan muirir áirithinte a ghearradh i leith toilleadh a leithdháileadh ach nár úsáideadh le linn na tréimhse tagartha, fiú i gcás ina measfaí gur neamhúsáid thráthrialta na gconairí traenach, nó codanna díobh, í an neamh-úsáid sin de réir na gcritéar is infheidhme faoi láthair.

(6) I leith gach ceann de na nithe thuasluaite, thiocfadh caillteanas ioncaim do na bainisteoirí bonneagair as aon laghdú ar mhuirir a d'údaródh Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chúiteofaí na caillteanais ioncaim sin, i bprionsabal, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2012/34/AE. I bhfianaise neamhghnáiche na gcaillteanas sin, ba cheart na bainisteoirí bonneagair a chúiteamh laistigh de thréimhse níos giorra, is é sin faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana inar tabhaíodh an caillteanas.

(7) Ba cheart coigeartuithe sealadacha a dhéanamh ar na coinníollacha a ghabhann le húsáid an bhonneagar iarnróid agus ba cheart na ráitis ghréasáin a choinneáil cothrom le dáta agus iad a leasú de réir mar is gá.

(8) I bhfianaise a thobainne agus a neamh-intuartha a bhí paindéim COVID-19, rud a d'fhág nach bhféadfaí bearta tráthúla a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tréimhse thagartha thuasluaite a chumhdach leis an Rialachán seo, cé go bhfuil codanna den tréimhse sin caite cheana, ach mar sin féin gan difear a dhéanamh d'ionchais dhlisteanacha.

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon freagairt don chás práinne atá cruthaithe ag paindéim COVID-19, a ghnóthú go leordhóthanach ach,

de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní mheastar go dtéann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(10) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na cúinsí eisceachtúla arb í paindéim COVID-19 ba chúis leo agus a thugann bonn cirt do na bearta atá beartaithe, agus go sonrach chun na bearta riachtanacha a ghlacadh go tapa chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht airgeadais na ngnóthas iarnróid, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(11) Chun go bhféadfar síneadh a chur leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo, más gá agus má bhíonn bonn cirt leis sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith síneadh a chur leis an tréimhse ina mbeidh feidhm ag na bearta atá beartaithe faoin Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([3]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna a fhaigheann na saineolaithe iad sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe

(12) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an dáta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha sealadacha maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid mar a leagtar amach i gCaibidil IV de Threoir 2012/34/AE. Tá feidhm aige maidir le bonneagar iarnróid a úsáid le haghaidh na seirbhísí iarnróid intíre agus idirnáisiúnta sin a chumhdaítear leis an Treoir sin, le linn na tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 (“an tréimhse thagartha”).

Airteagal 2

Laghdú, tarscaoileadh nó iarchur muirear le haghaidh an phacáiste íosrochtana, agus laghdú, tarscaoileadh nó iarchur muirear áirithinte

1. D’ainneoin Airteagal 27 agus 31(3) de Threoir 2012/34/AE, agus faoi réir na rialacha maidir leis an Státchabhair a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit a údarú do na bainisteoirí bonneagair íocaíocht na muirear i leith an phacáiste íosrochtana agus i leith rochtain ar shaoráidí seirbhíse nasctha bonneagair a laghdú, a tharscaoileadh agus a iarchur ar bhealach trédhearcach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach sna cásanna ina bhfuil nó ina mbeidh na muirir sin le híoc le linn na tréimhse tagartha.

2. D’ainneoin Airteagail 27 de Threoir 2012/34/AE, agus faoi réir na rialacha maidir leis an Státchabhair a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit a údarú do na bainisteoirí bonneagair athmheasúnú a dhéanamh ar chumas na ndeighleog margaidh uasmharcálacha a sheasamh, de réir bhrí Airteagal 32(1) de Threoir 2012/34/AE chun críocha laghdú féideartha ar na suimeanna atá le híoc i leith na tréimhse tagartha.

3. D’ainneoin Airteagal 27 agus an dara habairt d’Airteagal 36 de Threoir 2012/34/AE, agus faoi réir na rialacha maidir leis an Státchabhair a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit a údarú do na bainisteoirí bonneagair, ar bhealach trédhearcach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach, gan muirir áirithinte a ghearradh ar aon ghnóthas iarnróid i leith toilleadh a leithdháileadh ach nár úsáideadh le linn na tréimhse tagartha.

4. D’ainneoin Airteagal 8(4) de Threoir 2012/34/AE, agus faoi réir na rialacha maidir leis an Státchabhair a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit na bainisteoirí bonneagair a chúiteamh, faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana inar tabhaíodh an caillteanas, as an gcaillteanas sonrach airgeadais a tabhaíodh de thoradh míreanna 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm. Tá an cúiteamh sin gan dochar d’oibleagáid na mBallstát faoi Airteagal 8(4) de Threoir 2012/34/AE lena n-áiritheofar, thar thréimhse réasúnta, nach rachaidh thar an tréimhse cúig bliana, go bhfanfaidh cuntas brabúis agus caillteanais an bhainisteora bonneagair ar comhardú i gcónaí.

Airteagal 3

Coigeartuithe na gcoinníollacha maidir le húsáid bonneagar iarnróid

D’ainneoin Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair, de réir mar is iomchuí agus gan aon mhoill, an ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 den Treoir sin a leasú chun na coinníollacha atá siad a chur i bhfeidhm a léiriú, i bhfianaise na mbeart arna nglacadh ag na Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 2.

Airteagal 4

Comhlacht rialála

Tá an Rialachán seo gan dochar d’fhorálacha Threoir 2012/34/EC maidir leis an gcomhlacht rialála. Beidh feidhm ag Airteagal 56 den Treoir sin maidir leis na cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 2 agus 3 den Rialachán seo, i leith na gcritéar a leagtar amach ann, is infheidhme maidir le bainisteoirí bonneagair.

Airteagal 5

Síneadh a chur leis an tréimhse thagartha

1. Faoin 1 Samhain 2020, soláthróidh na bainisteoirí bonneagair sonraí don Choimisiún, sonraí faoi úsáid a gcuid líonraí arna rangú de réir deighleoga margaidh, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Threoir 2012/34/AE, sonraí maidir leis na tréimhsí

na tréimhsí ón 1 Márta 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 agus ón 1 Márta 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

2. I gcás ina meastar don Choimisiún, ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i mír 1, go bhfuil laghdú seasmhach ar leibhéal an tráchta iarnróid, i gcomparáid leis an leibhéal le linn thréimhse chomhfhreagrach na bliana roimhe, agus gur dócha go leanfaidh sin de bheith amhlaidh, agus go meastar don Choimisiún freisin, ar bhonn na sonraí eolaíochta is fearr atá ar fáil, gur de thoradh thionchar phaindéim COVID-19 atá an méid sin amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún an tréimhse thagartha a leasú dá réir, trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6.

3. Más rud é, sa chás go mairfeadh paindéim COVID-19 ag imirt tionchar ar an earnáil iompair ar iarnród san Aontas Eorpach, ar feadh tamall fada, go mbeidh riachtanas leis ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 6

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse aon bhliana amháin ó [*dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 7

Nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2.

San fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, luafar na cúiseanna a bhfuiltear ag baint úsáide as an nós imeachta práinne.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*